Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14506/22**

**FRONT 415**
**COWEB 149**
**MIGR 342**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14061/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht i ndáil le comhaontú stádais idir an tAontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin<br>– Glacadh |

1. An 25 Deireadh Fómhair 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht i ndáil le comhaontú stádais idir an tAontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, lena ngabhann treoracha caibidlíochta, mar a leagtar amach in 14061/22 + ADD 1 iad.

2. Ag an gcruinniú a bhí acu an 28 Deireadh Fómhair 2022, phléigh comhairleoirí CGB an moladh thuasluaite mar aon leis na treoracha caibidlíochta. Tugadh tacaíocht fhorleathan don togra.

3. Tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch, leagtar amach téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle in 14138/22.

4. Is é atá sa Chinneadh sin forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach nglacann Éire páirt iontu, de réir Chinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen[1]. Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh sin agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

5. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh sin agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe

– a iarraidh ar an gComhairle an Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht i ndáil le comhaontú stádais idir an tAontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin mar a leagtar amach in 14138/22 é, lena ndéantar tagairt do na treoracha caibidlíochta mar a leagtar amach in 14138/22 ADD 1 iad, a ghlacadh mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo; agus

– a iarraidh go bhfoilseofaí téacs an Chinnidh arna ghlacadh ag an gComhairle in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

---

1 IO L 64, 7.3.2002, lch. 20.